Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Meán Fómhair 2021
(OR. en)

11736/21

AVIATION 235
FIN 678

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: cearta aerphaisinéirí le linn phaindéim COVID-19: príomhchearta gan a bheith cosanta d'ainneoin iarrachtaí an Choimisiúin<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 28 Meán Fómhair 2021) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Cearta aerphaisinéirí le linn phaindéim COVID-19: príomhchearta gan a bheith cosanta d'ainneoin iarrachtaí an Choimisiúin', mar a d'fhormheas Comhairle COMPET ag an gcruinniú a bhí aici an 28 Meán Fómhair 2021.

**IARSCRÍBHINN**

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2021
ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:
*Air passengers rights during COVID-19 pandemic: key rights not protected despite Commission efforts*[Cearta aerphaisinéirí le linn phaindéim COVID-19: príomhchearta gan a bheith cosanta d'ainneoin iarrachtaí an Choimisiúin].

MAIDIR LEIS AN gCOMHAIRLE

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE Tuarascáil Speisialta Uimh. 15/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa *Air passengers rights during COVID-19 pandemic: key rights not protected despite Commission efforts* [Cearta aerphaisinéirí le linn phaindéim COVID-19: príomhchearta gan a bheith cosanta d'ainneoin iarrachtaí an Choimisiúin] maidir le tionchar na paindéime ar chearta aerphaisinéirí agus ról an Choimisiúin sa tréimhse sin.

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE cur chuige mionsonraithe uileghabhálach Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le tionchar na paindéime ar chearta paisinéirí agus na bearta a rinne an Coimisiún, na Ballstáit agus na geallsealbhóirí ábhartha.

3. MEABHRAÍTEAR DI na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 30/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a ghlac an Chomhairle ag an 3675ú cruinniú a bhí aici an 4 Márta 2019[1].

4. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR cineál na paindéime, nach bhfacthas a leithéid le fada an lá, agus an tionchar ollmhór, marthanach ar thionscal na heitlíochta agus ar an domhan i gcoitinne.

---

1 6485/19

5. MEABHRAÍTEAR DI an *Study on the current level of protection of air passenger rights in the EU* [Staidéar ar an leibhéal cosanta atá ann faoi láthair maidir le cearta aerphaisinéirí san Aontas] a d'fhoilsigh an Coimisiún i mí Eanáir 2020[2] agus a thug léargas nua ar an staid atá ann maidir le cearta paisinéirí ó tíolacadh an togra ón gCoimisiún in 2013,[3] amhail an easpa forálacha chun aghaidh a thabhairt ar dhócmhainneachtaí aerlínte i gcás paisinéirí nach gceannaíonn ach an eitilt ina haonar.

6. MEABHRAÍTEAR DI an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le *Tourism and transport in 2020 and beyond* [4][An turasóireacht agus an t-iompar in 2020 agus ina dhiaidh sin] agus an Moladh (AE) 2020/648 [5]ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2020 maidir le húsáid dearbhán] agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí a bhí sé ós rud é go raibh géarchor leachtachta suntasach ar na haerlínte.

7. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil an tacaíocht airgeadais d'aerlínte, atá ann faoi na rialacha státchabhrach bunriachtanach chun go dtiocfaidh aerlínte slán, agus ar an gcaoi sin go n-áiritheofar aisíoc na milliún paisinéirí ar cuireadh a n-eitiltí ar ceal.

8. IS DÍOL SÁSAIMH DI go nglacann an Coimisiún leis na moltaí ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus IARRANN SÍ ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí an socrú reatha a fheabhsú, bunaithe ar an taithí, ar na heasnaimh agus ar an gciall cheannaithe agus ar an tuarascáil speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa mar a fógraíodh faoin Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste ón gCoimisiún[6].

---

2 *Study on the current level of protection of air passenger rights in the EU* [Staidéar ar an leibhéal cosanta atá ann faoi láthair maidir le cearta aerphaisinéirí san Aontas] Tuarascáil chríochnaitheach, Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair (an Coimisiún Eorpach), Steer, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2020.

3 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 lena mbunaítear comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 maidir le dliteanas aeriompróirí i ndáil le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d'aer (COM/2013/0130 final).

4 *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions - Tourism and transport in 2020 and beyond* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – An turasóireacht agus an t-iompar in 2020 agus ina dhiaidh sin] (COM/2020/550 final)

5 Commission Recommendation (EU) 2020/648 of 13 May 2020 on vouchers offered to passengers and travellers as an alternative to reimbursement for cancelled package travel and transport services in the context of the COVID-19 pandemic [Moladh (AE) 2020/648 ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2020 maidir le dearbháin a thairgtear do phaisinéirí agus do thaistealaithe mar mhalairt ar aisíocaíocht ar sheirbhísí taistil agus iompair láneagraithe a cuireadh ar ceal i gcomhthéacs phaindéim COVID-19]. (IO L 151, 14.5.2020, lch. 10).

6 *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions - Sustainable and Smart Mobility Strategy – putting European transport on track for the Future* [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – An Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste – an t-iompar Eorpach a chur ar an mbóthar ceart don Todhchaí] (COM/2020/789 final)

9. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar na bealaí ina bhféadfadh sé a áirithiú go gcaitear go comhionann le paisinéirí ar fud an Aontais agus go gcuirtear faisnéis ar fáil do phaisinéirí ionas go mbeidh siad ar an eolas faoina gcearta.

10. IS DÍOL SÁSAIMH DI na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag údaráis de chuid an Chomhair um Chosaint Tomhaltóirí agus ag gréasán um Chomhar ar mhaithe le Cosaint na dTomhaltóirí an Choimisiúin, chomh maith leis na Comhlachtaí Náisiúnta Forfheidhmithe chun a áirithiú go ndéanfaidh na haeriompróirí agus na hidirghabhálaithe na gníomhaíochtaí iomchuí chun paisinéirí sin atá fós ag súil le haisíoc a dticéad nó a ndearbhán a aisíoc.

11. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún feabhas a chur ar an gcomhordú leis na Ballstáit chun a áirithiú go bhfaigheann paisinéirí faisnéis thráthúil nuashonraithe maidir le bearta a bhaineann le géarchéimeanna.

12. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, i bhfianaise na moltaí ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, machnamh a dhéanamh ar réitigh a d'fhéadfaí a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna a bhaineann le dócmhainneachtaí aerlínte agus rannpháirtíocht idirghabhálaithe freisin mar a chuirtear chun suntais é sa Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste[7].

13. I bhfianaise staid na paindéime, nach bhfacthas a leithéid le fada an lá, IARRANN SÍ ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar na huirlisí a d'fhéadfadh a bheith ann lena bhféadfaí cearta paisinéirí a áirithiú i ngéarchéimeanna a d'fhéadfadh tarlú gan choinne amach anseo, gan beann ar a méid.

---

[7] Ibid.